**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

| |
|---|
| |

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

**DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH 2006, MAIDIN 9.30-12.00**

# EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

**ROINN A(100 marc)**

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**ROINN B (300 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na naoi gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann díobh.

**1.** Luaigh **TRÍ** úsáid eacnamaíocha is féidir a bhaint as daonáireamh in Éirinn.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**2.** **Luaigh** trí chúis a bhfuil tábhacht le **brabúis** i **ngeilleagar margaidh.**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**3.** Tá fonn ar ghnólacht lucht saothair breise a mhealladh. Chun an líon saothair a mhéadú ó 5 go 6 fostaithe caithfidh an gnólacht an ráta pá seachtainiúil a mhéadú ó €400 go €440 do gach fostaí. Ríomh **imeallchostas saothair** an ghnólachta. Taispeáin do chuid oibre.

**Obair**

**Freagra:** ______________________________

**(16 mharc)**

**4.** Sainmhínigh **forbairt eacnamaíoch.** Luaigh **DHÁ** bheartas trína bhféadfadh rialtais na dtíortha forbartha, forbairt eacnamaíoch a chur ar aghaidh i dtíortha tearcfhorbartha (LDCs *i mBéarla*).

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Beartas(i):** ______________________________

**Beartas (ii):** ______________________________

**(16 mharc)**

**5.** Sainmhínigh **barainneachtaí inmheánacha an mhórscála.** Luaigh **DHÁ** shampla.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Sampla (i):** ______________________________

**Sampla (ii):** ______________________________

**(16 mharc)**

**6.** I gcothromaíocht, ceannaíonn tomhaltóir 8 mbarra seacláide ar €1.00 an ceann agus 12 cheapaire ar €4.00 an ceann. Is é áirgiúlacht theorannach an ochtú barra seacláide ná 10 util.
Bain úsáid as an bprionsabal comhimeallach d'iompraíocht tomhaltóirí agus **ríomh áirgiúlacht theorannach an 12ú ceapaire.**

Taispeáin do chuid oibre ar fad.

| **Obair** |
| --- |
| |

**Freagra:** ____________________________

**(17 marc)**

**7.** Sainmhínigh **idirdhealú praghsanna.** Luaigh **DHÁ** thoisc faoina bhféadfadh gnólacht idirdhealú praghsanna a chur i bhfeidhm.

**Sainmhíniú:** ____________________________

____________________________

**Toisc (i):** ____________________________

**Toisc (ii):** ____________________________

**(17 marc)**

**8.** Luaigh **DHÁ** fheidhm atá ag **Gníomhaireacht Bainistíochta na Cistíochta Náisiúnta**:

**Feidhm 1:** ____________________________

**Feidhm 2**: ____________________________

**(17 marc)**

**9.** Taisceoirí, a bhfuil Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIAs *i mBéarla*) acu, faigheann siad fóirdheontas ó Rialtas na hÉireann i bhfoirm íocaíochtaí breise bónais.

Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha **agus** ar **DHÁ** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann leis an scéim sin do gheilleagar na hÉireann.

**Buntáistí:**

**(i)** ____________________________

**(ii)** ____________________________

**Míbhuntáistí:**

**(i)** ____________________________

**(ii)** ____________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** Ar chúiseanna anailíse, glacann eacnamaithe le boinn tuisceana áirithe maidir le hiompraíocht tomhaltóirí. Luaigh, agus mínigh **CEITHRE** phríomhbhonn tuisceana.

*(15 mharc)*

**(b)** Déantóir trí tháirge éagsúla, ríomhann sé praghasleaisteachas an éilimh ar gach táirge acu mar seo a leanas:

Táirge X: -1.5    Táirge Y: -1.0    Táirge Z: -0.3

Tá fonn ar an gcomhlacht a chuid ioncaim a uasmhéadú. Mínigh, i gcás **gach** ceann de na táirgí sin, cén t-athrú, más gá, ba chóir don chomhlacht a dhéanamh sna praghsanna atá leagtha síos faoi láthair, chun go bhféadfadh sé a chuspóir a bhaint amach.

*(30 marc)*

**(c)** Ceannaíonn tomhaltóir 10 n-aonad d'Earra A nuair is é an praghas ar Earra B ná €5. Nuair a ardaítear praghas Earra B go €6 (gan aon athrú ar phraghas Earra A) ceannaíonn an tomhaltóir 14 aonad d'Earra A.

**(i)** Sainmhínigh **trasleaisteachas an éilimh**.
**(ii)** Bain úsáid as foirmle chuí agus ríomh trasleaisteachas éileamh an tomhaltóra seo ar Earra A. Taispeáin do chuid oibre.
**(iii)** An bhfuil Earra A ina earra ionaid, nó ina earra comhlántach, do Earra B. Mínigh do réasúnaíocht.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**2.** **(a)** Luaigh, agus mínigh, **TRÍ** phríomhghné de **mhargadh olagaplach**.

*(15 mharc)*

**(b)** Le cabhair léaráide **AMHÁIN** a bhfuil lipéid shoiléire uirthi:

**(i)** Mínigh an cruth a bhíonn ar 'cor i gcuar an éilimh' faoi olagaplacht.
**(ii)** Mínigh staid na cothromaíochta fadtréimhsí ag gnólachta agus é ag tabhairt aghaidhe ar 'chor i gcuar an éilimh'.
**(iii)** Mínigh an chiall atá leis an téarma 'dolúbthacht praghsanna' faoi 'cor i gcuar an éilimh'.

*(35 marc)*

**(c)** **(i)** Mínigh **TRÍ** chineál claonpháirteachais a tharlódh, b'fhéidir, i margadh olagaplach.
**(ii)** An gcreideann tú go bhfeidhmíonn margadh miondíola na hÉireann sna seirbhísí baincéireachta (e.g. cuntais reatha phearsanta.) faoi choinníollacha olagaplacha? Mínigh do fhreagra.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**3.** **(a)** Déan idirdhealú idir na téarmaí seo a leanas, agus bain úsáid as samplaí ábhartha i ngach cás:

- **(i)** Caipiteal Seasta agus Caipiteal Sóisialta;
- **(ii)** Coigilteas agus Infheistíocht;
- **(iii)** Fairsingiú Caipitil agus Doimhniú Caipitil.

*(25 marc)*

**(b)** Luaigh, agus mínigh, **CÚIG** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an leibhéal infheistíochta i ngeilleagar na hÉireann. *(25 marc)*

**(c)** **(i)** Luaigh, agus mínigh, na **TRÍ** chúis a luaigh Keynes le hairgead a choimeád i seilbh.

**(ii)** Mínigh, le cabhair léaráide/léaráidí, teoiric Keynes ar an ngaol idir sealúchas airgid agus an ráta úis.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**4.** **(a)** **(i)** Mínigh cad is ciall leis an téarma **'Ioncam Náisiúnta'.**

**(ii)** In Éirinn faoi láthair, an mbeifeá ag súil leis go mbeadh an **OTN** (**GNP** *i mBéarla*) níos mó ná an **OTI** (**GDP** *i mBéarla*), cothrom léi, nó níos lú ná í? Mínigh do fhreagra.

*(20 marc)*

**(b)** **(i)** Mínigh cad is ciall leis an téarma **'an t-iolraitheoir'**.

**(ii)** Luaigh an fhoirmle lena dtomhaistear an t-iolraitheoir i ngeilleagar oscailte.

**(iii)** Mínigh na hathróga (na gnéithe athraitheacha) san fhoirmle.

**(iv)** Meastar gur mar seo atá i ngeilleagar na hÉireann:
MPM=0.4, MPT=0.24 MPS=0.26

Ríomh luach an iolraitheora i ngeilleagar na hÉireann. Taispeáin do chuid oibre.

*(30 marc)*

**(c)** Bhí an Olltáirgeacht Náisiúnta ag praghsanna reatha margaidh sa bhliain 2005 in Éirinn thart ar 45% níos airde ná an figiúr sa bhliain 2000.

Luaigh, agus mínigh ábharthacht, **CEITHRE** phíosa eile d'eolas eacnamaíochta a d'úsáidfeá chun a mheas cé acu a tháinig ardú thart ar 45% ar an meánchaighdeán maireachtála freisin idir 2000 agus 2005, nó nár tháinig.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** I measc an mhéid a thug Adam Smith don smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta, bhí **Prionsabail an Chánachais.**

**(i)** Luaigh, agus mínigh, na **CEITHRE** Phrionsabal Cánachais a bhí ag Adam Smith.
**(ii)** An gceapann tú go bhfuil na prionsabail sin úsáideach chun anailís a dhéanamh ar an gcóras cánach in Éirinn an lae inniu? Cosain do fhreagra.

*(25 marc)*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na torthaí eacnamaíocha, dearfacha **agus** diúltacha, a bhainfeadh, b'fhéidir, le Barrachas i mBuiséad Reatha an Rialtais.

*(25 marc)*

**(c)** Is tusa comhairleoir eacnamaíochta an Aire Airgeadais. Tá an tAire ag smaoineamh ar ioncam cánach a mhéadú trí cháin indíreach. Pléigh na buntáistí eacnamaíocha **agus** na míbhuntáistí eacnamaíocha ag a leithéid de bheartas. *(25 marc)*

**[75 marc]**

**6.** **(a)** **(i)** Mínigh cén fáth a bhfuil trádáil idirnáisiúnta riachtanach do gheilleagar na hÉireann.
**(ii)** Cé acu barrachas nó easnamh is mó a bhí ag Éirinn le blianta beaga anuas i gCuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí? Tabhair breac-chuntas ar na torthaí eacnamaíocha atá air sin.

*(30 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh conas a chuirfeadh gach ceann de na forbairtí seo a leanas isteach ar **allmhairí** go dtí limistéar an euro.

**(i)** **ardaíonn** ar luach an dollair Mheiriceánaigh i gcoinne an euro;
**(ii)** **méadaíonn** ar an bhfostaíocht i limistéar an Euro.

*(20 marc)*

**(c)** Tá a lán comhlachtaí ilnáisiúnta meallta go hÉirinn chun oibriúcháin a chur ar bun anseo le blianta beaga anuas. Le déanaí, tá claonadh ag roinnt de na comhlachtaí sin athláithriú go hoirthear na hEorpa nó go dtí an Áise.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a láithríonn na comhlachtaí ilnáisiúnta sin in Éirinn.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith acu leis an athláithriú go réigiúin eile faoi láthair.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**7.** **(a)** **(i)** Cad iad na húsáidí eacnamaíocha a bhaintear as **Innéacs Praghsanna Tomhaltais**?
**(ii)** Mínigh conas a dhéantar amach Innéacs Praghsanna Tomhaltais.

*(25 marc)*

**(b)** Mínigh an tionchar eacnamaíoch is dóichí a bheadh ar gheilleagar na hÉireann ag méadú sách mór ar ráta bliantúil an bhoilscithe i praghsanna.

*(25 marc)*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an ról eacnamaíochta atá ag **DHÁ** cheann de na heagraíochtaí baincéireachta idirnáisiúnta seo a leanas:

**(i)** An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) (IMF *i mBéarla*);
**(ii)** An Banc Domhanda;
**(iii)** An Banc Ceannais na hEorpa (BCE) (ECB *i mBéarla*).

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** D'fhógair an rialtas pleananna chun a lán ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit a **dhílárú/ ath-láithriú** ar fud na tíre.
Pléigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha agus **DHÁ** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeartas sin d'fhorbairt gheilleagar na hÉireann.

*(20 marc)*

**(b)** Tá sé ráite go bhfuil **lánfhostaíocht,** nó cóngarach dó, i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair.
**(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
**(ii)** Pléigh **DHÁ** shochar eacnamaíocha agus **DHÁ** dheacracht eacnamaíocha a bhaineann le geilleagar lánfhostaíochta in Éirinn an lae inniu.

*(25 marc)*

**(c)** Bhí caiteachas ard le blianta beaga anuas ar bhonneagar iompair agus cumarsáide a fhorbairt in Éirinn. Bain úsáid as samplaí agus tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** chostas shóisialta agus ar **DHÁ** shochar shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhforbairt sin.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# Leathanach Bán